# Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

C 481

An t-eagrán Gaeilge

Faisnéis agus Fógraí

Imleabhar 65

19 Nollaig 2022


Clár


IV *Fógraí*

FÓGRAÍ Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

**An Chomhairle**

2022/C 481/01 Cinneadh ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2022 lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha den Choiste Comhairleach um Shaoirse Gluaiseachta d'Oibrithe don Danmhairg, an Ghearmáin, an Ghréig, an Chróit, an Iodáil, an Chipir, Lucsamburg, Málta agus an Phortaingéil ............ 1

**An Coimisiún Eorpach**

2022/C 481/02 Rátaí malairte an euro — 16 Nollaig 2022 ............ 4

V *Fógairtí*

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

**An Coimisiún Eorpach**

2022/C 481/03 Réamhfhógra faoi chomhchruinniú (Cás M.10987 — BAIN CAPITAL / CAVERION) — Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe ([1]) ............ 5

2022/C 481/04 Réamhfhógra faoi chomhchruinniú (Cás M.10919 – APOLLO / ATLAS AIR WORLDWIDE HOLDINGS) — Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe ([1]) ............ 7


GA

([1]) Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

GNÍOMHARTHA EILE

**An Coimisiún Eorpach**


| | | |
|---|---|---|
| 2022/C 481/05 | Foilsiú iarratais ar ainm a chlárú de bhun Airteagal 50(2)(a) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí | 8 |
| 2022/C 481/06 | Foilsiú iarratais ar ainm a chlárú de bhun Airteagal 50(2)(a) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí | 11 |

IV

*(Fógraí)*

# FÓGRAÍ Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

# AN CHOMHAIRLE

## CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**an 25 Deireadh Fómhair 2022**

**lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha den Choiste Comhairleach um Shaoirse Gluaiseachta d'Oibrithe don Danmhairg, an Ghearmáin, an Ghréig, an Chróit, an Iodáil, an Chipir, Lucsamburg, Málta agus an Phortaingéil**

(2022/C 481/01)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 492/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2011 maidir le saoirse gluaiseachta d'oibrithe laistigh den Aontas ([1]), agus go háirithe Airteagail 23 agus 24 de,

Ag féachaint do liostaí na n-iarrthóirí a chuir Rialtais na Danmhairge, na Gearmáine, na Gréige, na Cróite, na hIodáile, na Cipire, Lucsamburg, Mhálta agus na Portaingéile faoi bhráid na Comhairle,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Trí bhíthin Cinneadh uaithi an 20 Meán Fómhair 2022 ([2]), cheap an Chomhairle na comhaltaí agus na comhaltaí malartacha den Choiste Comhairleach um Shaoirse Gluaiseachta d'Oibrithe ("an Coiste") don tréimhse ón 25 Meán Fómhair 2022 go dtí an 24 Meán Fómhair 2024.

(2) Chuir rialtais na Danmhairge, na Gearmáine, na Gréige, na Cróite, na hIodáile, na Cipire, Lucsamburg, Mhálta agus na Portaingéile liostaí ainmniúchán isteach le haghaidh roinnt post atá le líonadh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo ceaptar na daoine seo a leanas ina gcomhaltaí agus ina gcomhaltaí malartacha ar Choiste Comhairleach um Shaoirse Gluaiseachta d'Oibrithe don tréimhse dar críoch an 24 Meán Fómhair 2024:

([1]) IO L 141, 27.5.2011, lch. 1.

([2]) Cinneadh ón gComhairle an 20 Meán Fómhair 2022 lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha den Choiste Comhairleach um Shaoirse Gluaiseachta d'Oibrithe (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil)

I. IONADAITHE RIALTAIS

| Tír | Comhaltaí | Comhaltaí malartacha |
|---|---|---|
| An Danmhairg | Stig HANSEN NØRGAARD<br>Rikke MARK SEERUP | Lone HENRIKSEN |
| An Ghearmáin | Friedemann BENDER<br>Oliver MAOR | Dagmar HILPERT |
| An Ghréig | Georgios NERANTZIS<br>Angeliki LINTZOU | Angeliki TZORTZAKI |
| An Chróit | Petar STRIŽAK<br>Martina ŠPUNDAK | Iva MUSIĆ OREŠKOVIĆ |
| An Iodáil | Daniele LUNETTA | |
| An Chipir | Prodromos PRODROMOU<br>Antonis KAFOUROS | Alexia TSAOUSI |
| Lucsamburg | Patrice FURLANI<br>Tom MEYER | Armin SKROZIC |
| An Phortaingéil | Ana Margarida SILVA<br>Helena BENTES | |

II. IONADAITHE CEARDCHUMANN

| Tír | Comhaltaí | Comhaltaí malartacha |
|---|---|---|
| An Danmhairg | Lotte DICKOW SCHMIDTH<br>Christina BORRIES | Käthe MUNK RYOM |
| An Ghearmáin | Alexandra KRAMER<br>Nicolas ENGELBARTS | Maria DIMCHEVA |
| An Ghréig | Stavroula DIMITRIADOU<br>Vasilios MANTAZIS | Vaso KRATIMENOU |
| An Chróit | Vesna MAMIĆ<br>Ana KRANJAC JULARIĆ | Ivana ŠEPAK ROBIĆ |
| An Iodáil | Andrea MALPASSI<br>Michele BERTI | Ilaria Arianna FONTANIN |
| An Chipir | Marina STAVRINOU KOUKOU<br>Christos KARYDIS | Stelios CHRISTODOULOU |

| Tír | Comhaltaí | Comhaltaí malartacha |
|---|---|---|
| Málta | | Isabella FARRUGIA |
| An Phortaingéil | José Manuel DA LUZ CORDEIRO<br>Fernando José MACHADO GOMES | Ana Elisabete MARTINS CLEMENTE BORGES |

III. IONADAITHE EAGRAÍOCHTAÍ FOSTÓIRÍ

| Tír | Comhaltaí | Comhaltaí malartacha |
|---|---|---|
| An Danmhairg | Maja KLUGER DIONIGI<br>Trine Birgitte HOUGAARD | Birgitte NYMARK |
| An Ghearmáin | Noora NEUMAYER<br>Nicolas KELLER | Teresa HORNUNG |
| An Chróit | Nuša ŽUNEC<br>Dario ĆORIĆ | Mirela GUDAN |
| An Iodáil | Paola ASTORRI<br>Paolo BALDAZZI | Fabio ANTONILLI |
| An Chipir | Giorgos HADJIKALLIS<br>Emilios MICHAEL | Andreas ALEXI |
| Lucsamburg | Philippe HECK<br>Raymond HORPER | Cristelle BRETNACHER-CERVELLATI |
| An Phortaingéil | Cristina NAGY MORAIS<br>Nuno BERNARDO | Afonso Manuel ALVES E PINHO DE CARVALHO |

*Airteagal 2*

Ceapfaidh an Chomhairle na comhaltaí agus na comhaltaí malartacha nár ainmníodh fós ar dháta is déanaí.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 25 Deireadh Fómhair 2022.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

J. SÍKELA

# AN COIMISIÚN EORPACH

**Rátaí malairte an euro** [1]

**16 Nollaig 2022**

(2022/C 481/02)

**1 euro =**

| | Airgeadra | Ráta malairte | | Airgeadra | Ráta malairte |
|---|---|---|---|---|---|
| USD | dollar na Stát Aontaithe | 1,0619 | CAD | dollar Cheanada | 1,4506 |
| JPY | yen na Seapáine | 145,53 | HKD | dollar Hong Cong | 8,2632 |
| DKK | krone na Danmhairge | 7,4379 | NZD | dollar na Nua-Shéalainne | 1,6687 |
| GBP | punt steirling | 0,87233 | SGD | dollar Shingeapór | 1,4413 |
| SEK | krona na Sualainne | 11,0153 | KRW | won na Cóiré Theas | 1 389,70 |
| CHF | franc na hEilvéise | 0,9879 | ZAR | rand na hAfraice Theas | 18,6708 |
| ISK | króna na hÍoslainne | 150,10 | CNY | renminbi-yuan na Síne | 7,4037 |
| NOK | krone na hIorua | 10,4833 | HRK | kuna na Cróite | 7,5385 |
| BGN | lev na Bulgáire | 1,9558 | IDR | rupiah na hIndinéise | 16 575,47 |
| CZK | koruna Phoblacht na Seice | 24,262 | MYR | ringgit na Malaeisia | 4,6984 |
| HUF | forint na hUngáire | 407,10 | PHP | peso na nOileán Filipíneach | 58,967 |
| PLN | zloty na Polainne | 4,6925 | RUB | rúbal na Rúise | |
| RON | leu na Rómáine | 4,9213 | THB | baht na Téalainne | 37,145 |
| TRY | lira na Tuirce | 19,8039 | BRL | real na Brasaíle | 5,6233 |
| AUD | dollar na hAstráile | 1,5866 | MXN | peso Mheicsiceo | 21,0634 |
| | | | INR | rúipí na hIndia | 87,8240 |

[1] *Foinse*: ráta malairte tagartha arna fhoilsiú ag an mBanc Ceannais Eorpach (BCE).

V

*(Fógairtí)*

# NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

# AN COIMISIÚN EORPACH

## Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

## (Cás M.10987 — BAIN CAPITAL / CAVERION)

## Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

(2022/C 481/03)

1. An 9 Nollaig 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Bain Capital Investors, LLC ("Bain Capital", STÁIT AONTAITHE MHEIRICEÁ),

— Caverion Corporation ("Caverion", an Fhionlainn).

Gheobhaidh Bain Capital rialú aonair ar Caverion ina iomláine, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin tairiscint phoiblí.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is gnólacht infheistíochta i gcothromas príobháideach é Bain Capital a dhéanann infheistíochtaí, trína fine cistí, i gcuideachtaí i roinnt tionscal, lena n-áirítear teicneolaíocht na faisnéise, cúram sláinte, táirgí miondíola agus tomhaltóirí, cumarsáid, seirbhísí airgeadais agus an earnáil thionsclaíochta/mhonaraíochta,

— Is cuideachta phoiblí faoi dhliteanas teoranta é Caverion atá corpraithe faoi dhlíthe na Fionlainne. Oibríonn Caverion i dteicneolaíocht tógála agus próisis thionsclaíocha a shuiteáil agus a chothabháil, go háirithe téamh, leictreachas, fuinneamh, aeráil, fuarú, uathoibriú foirgneamh agus disciplíní teicniúla slándála foirgneamh. Ina theannta sin, soláthraíonn Caverion seirbhísí cothabhála do phróisis déantúsaíochta tionsclaíocha ar nós hidreachumhachta, déantúsaíochta laín agus páipéir agus próisis cheimiceacha.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").

([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10987 – BAIN CAPITAL / CAVERION

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

**Réamhfhógra faoi chomhchruinniú**

**(Cás M.10919 – APOLLO / ATLAS AIR WORLDWIDE HOLDINGS)**

**Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

(2022/C 481/04)

1. An 9 Nollaig 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Apollo Management, L.P. ("Apollo", na Stáit Aontaithe),

— Atlas Air Worldwide Holdings, Inc. ("Atlas Air", na Stáit Aontaithe).

Gheobhaidh Apollo rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Atlas Air ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is bainisteoir sócmhainní domhanda atá gníomhach in infheistíochtaí punainne é Apollo,

— Soláthraíonn Atlas Air seirbhísí seachfhoinsithe oibriúcháin aerárthaí agus eitlíochta, le haghaidh lasta go príomha, agus go pointe teoranta le haghaidh paisinéirí, agus tá sé gníomhach san Afraic, san Áise, san Aigéin Chiúin, san Eoraip, sa Mheánoirthear, i Meiriceá Thuaidh agus i Meiriceá Theas.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10919 – APOLLO / ATLAS AIR WORLDWIDE HOLDINGS

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").

([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

# GNÍOMHARTHA EILE

# AN COIMISIÚN EORPACH

**Foilsiú iarratais ar ainm a chlárú de bhun Airteagal 50(2)(a) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí**

(2022/C 481/05)

Leis an bhfoilseachán seo, tugtar an ceart chun cur i gcoinne an iarratais de bhun Airteagal 51 de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [1] laistigh de 3 mhí ó dháta an fhoilseacháin seo.

DOICIMÉAD AONAIR

**"Rökt Vättersik"**

**Uimh. AE: PDO-SE-02591 – 7.11.2019**

**STFC (x) TGFC ( )**

1. **Ainm nó ainmneacha [STFC nó TGFC]**

"Rökt Vättersik"

2. **Ballstát nó Tríú Tír**

An tSualainn

3. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta nó ar an mbia-earra**

3.1. ***An cineál táirge***

Aicme 1.7. Éisc, moilisc, agus crústaigh úra agus táirgí a dhíorthaítear uathu

3.2. ***Tuairisc ar an táirge lena mbaineann an t-ainm in (1)***

Is iasc geal é "Rökt Vättersik" (*Coregonus ssp.*) as Loch Vättern a dheataítear i dteach deataithe.

Díoltar "Rökt Vättersik" neamhphacáilte nó folúsphacáilte chun seilfré bhreise a chur leis.

Tá na saintréithe seo a leanas ann:

Méid: Idir 0,3 kg agus 0,6 kg de ghnáth, ach is féidir eiseamail níos mó a bheith ann.

Saill: 0,5 - 2,5 %. Athraíonn an cion saille de réir an tsuímh gabhála.

Dath an taoibh amuigh: Idir eithneagán dorcha le himir corcairghorm (droim) agus caife latte dorcha le himir práis (bolg) agus loinnir phráis éadrom.

---

[1] IO L 343, 14.12.2012, lch. 1.

Dath na feola: Imireacha éadroma agus dorcha éagsúla de caput mortuum le himir eithneagáin.

Comhsheasmhacht: Bíonn mothú soiléir cócaráilte ar fheoil an éisc, agus bíonn sí teann ar bhealach taitneamhach agus greim á bhaint aisti.

Blas: Blas domhain goirt agus blas sonrach toiteach agus blaisín beag milis searbh tarra air.

Dea-bholadh: Dea-bholadh domhain, soiléir deataigh uaidh.

3.3. ***Beatha (maidir le táirgí de thionscnamh ainmhíoch amháin) agus amhábhair (maidir le táirgí próiseáilte amháin)***

Itheann na héisc gheala crústaigh bheaga iarmharacha oighreacha go príomha (*Mysis sp*., *Pallasea sp*. agus *Pontoporeia sp*.), eochraí éisc, gastrapóid, diúilicíní, crústaigh agus éisc bheaga a bhíonn ann go nádúrtha i Loch Vättern.

Éisc gheala (*Coregonus ssp*.) as Loch Vättern, ar a dtugtar "Vättersik"

3.4. ***Céimeanna sonracha sa táirgeadh nach mór dóibh tarlú sa limistéar geografach sainithe***

Ní mór gach céim den táirgeadh, idir ghabháil na n-iasc, a bhíonn ann i Loch Vättern go nádúrtha, agus táirgeadh "Rökt Vättersik" trí bhíthin na héisc a dheatú ansin, a dhéanamh sa limistéar geografach ar a dtugtar tuairisc in (4).

3.5. ***Sainrialacha maidir le slisniú, grátáil, agus pacáistiú etc. an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe***

—

3.6. ***Sainrialacha maidir le lipéadú an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe***

—

4. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Is éard atá sa limistéar táirgthe Loch Vättern agus an talamh máguaird laistigh de raon 10 km líne an uisce ag na gnáthleibhéil uisce.

5. **Nasc leis an limistéar geografach**

Tá an nasc idir an limistéar geografach agus saintréithe "Rökt Vättersik" bunaithe ar na dálaí nádúrtha sa limistéar geografach agus ar thosca daonna araon.

*Tuairisc ar na tosca nádúrtha is ábhartha don nasc*

Scaradh Loch Vättern, an cúigiú loch is mó san Eoraip, ón muir ar a dtugtar Muir Bhailt anois thart ar 8 000 bliain ó shin. Sa lá atá inniu ann tá dromchla an locha 88,5 m os cionn leibhéal Mhuir Bhailt.

Chiallaigh an scoilteacht ó chórais uisce eile gur fhorbair pobal éisc ghil (*Coregonus ssp*.) Loch Vättern ar leithligh ó phobail éisc ghil eile agus anois tá sé éagsúil, ó thaobh cúrsaí géiniteacha de, le pobail éisc ghil eile.

Is loch fuaruisce tipiciúil atá gann ar chothaithigh é Loch Vättern (bíonn meánteocht an uisce thart ar 10 °C) le huisce glan (bíonn trédhearcacht an uisce thart ar 15 m) agus malartú uisce mall (thart ar 60 bliain).

Soláthraíonn an fuaruisce gnáthóg mhaith do speicis fuaruisce thipiciúla, amhail éisc gheala Loch Vättern, agus do na crústaigh iarmharacha oighreacha arb iad an phríomhfhoinse bhia atá acu.

De thoradh an uisce fuair agus gann ar chothaithigh atá le fáil i Loch Vättern, bíonn na héisc in Loch Vättern níos trua (cion saille 0,5 - 2,5 %, ag brath ar am den bhliain agus ar shuíomh gabhála) agus níos lú (0,3 - 0,6 kg) ná héisc gheala a ghabhtar i gcórais uisce eile.

Tugann cion saille íseal "Rökt Vättersik" feoil go sainiúil níos teinne, agus teinne níos deise agus greim á bhaint as, i gcomparáid le cineálacha eile d'éisc dheataithe a bhíonn ar fáil ar an margadh go coitianta. Cuidíonn an cion íseal saille in "Rökt Vättersik" leis an mblas a dhéanamh níos fíneálta agus níos galánta i gcomparáid leis an mblas a bhíonn ar chineálacha coitianta eile d'éisc dheataithe.

*Tuairisc ar na tosca daonna is ábhartha maidir leis an nasc geografach*

Ó dhearcadh stairiúil, bhí táirgeadh "Rökt Vättersik" an-tábhachtach do na daoine a raibh cónaí orthu ar Loch Vättersik. Dheataigh agus dhíol na hiascairí "Rökt Vättersik" iad féin go traidisiúnta. Maireann an traidisiún sin fós, fiú má tá daoine ann sa lá atá inniu ann nach mbíonn ach ag iascaireacht nó ag deatú éisc gheala ó Loch Vättern, agus á n-iascaireacht nó á ndeatú amháin.

Is ceird thraidisiúnta é éisc gheala a iascaireacht nó a dheatú bunaithe ar eolas ar a leithéid de thosca agus iompraíocht éisc gheala Loch Vättern agus conas éisc thrua a dheatú, ar eolas é a fuarthas i gcaitheamh na nglún agus a cuireadh ar aghaidh laistigh de theaghlaigh go minic.

Tá éisc gheala ann ag pointí éagsúla timpeall Loch Vättern agus ag doimhneachtaí éagsúla, ag brath ar thosca amhail soláthar bia agus am den bhliain. Sa tréimhse idir mí Lúnasa agus mí na Samhna, cónaíonn na héisc gheala in uiscí éadoimhne ag doimhneacht nach bhfuil níos mó ná 30 méadar, gar do láithreacha sceathraí. Ó mhí na Nollag, bogann na héisc gheala chuig uiscí níos doimhne de réir a chéile, ansin bogann siad chomh domhain go ndéantar iascaireacht orthu ag doimhneacht 90-120 méadar faoi dheireadh mhí Feabhra. Tá an soláthar bia níos mó in áiteanna níos éadoimhne Loch Vättern san earrach, rud a chiallaíonn go bhfilleann na héisc gheala ar ais chuig áiteanna níos éadoimhne an locha.

Agus iad ag iascaireacht iasc geal, ní mór eolas a bheith ar na hiascairí maidir le patrúin imirce shéasúracha an éisc agus bia á lorg aige. Roghnaíonn siad meánna ar an loch lena mbaineann an seans is mó go mbeadh na héisc gheala iontu ag an am áirithe sin.

Nuair a bhíonn an t-iasc geal deataithe, ní mór an deatú a choigeartú chuig roinnt tosca le go mbainfidh an táirge saintréithe "Rökt Vättersik" amach. Ní mór an próiseas deataithe a chur in oiriúint do thosca amhail an séasúr, an aeráid agus an t-aerbhrú. Déanann na meánna agus an tréimhse iascaireachta – an t-am den bhliain ina ngabhtar na héisc gheala – difear don phróiseas deataithe freisin, toisc go n-athraíonn cion saille na n-iasc.

Baineann tábhacht chinntitheach le heolas saintréithe speisialta gach tí deataithe freisin– cé mhéad deataigh a ghineann an t-oigheann agus conas a scaiptear laistigh den oigheann é – le haghaidh shaintréithe an táirge críochnaithe.

Ós rud é go mbíonn a gcuid saintréithe speisialta féin ag gach teach deataithe, leanann na daoine a dhéanann an t-iasc a dheatú nós imeachta deataithe a cuireadh in oiriúint dá dteach deataithe féin. Ag brath ar leagan amach an tí deataithe, d'fhéadfadh sé gur gá an t-iasc geal a bhogadh thart laistigh den teach deataithe le linn an phróisis deataithe chun a áirithiú go ndeataítear go cothrom é. Rialaítear forbairt an deataigh laistigh den teach deataithe trí úsáid mhalartach adhmaid thriomaithe agus bháite nó nua-ghearrtha.

Athraíonn an t-am is gá deatú a dhéanamh ag brath ar an teocht (70-80 °C go hiondúil) agus ar fhorbairt an deataigh sa teach deataithe. Déanann an duine a dhéanann an t-iasc a dheatú cinneadh faoin uair a bhíonn an t-iasc geal réidh trína uigeacht a sheiceáil, an t-iasc a bholú agus ag aireachtáil cé chomh teann agus atá na heití.

**Tagairt d'fhoilsiú na sonraíochta táirge**

https://www.livsmedelsverket.se/globalassets/foretag-regler-kontroll/livsmedelsinformation-markning-halsopastaenden/skyddade-beteckningar/ansokan_vattersik_2022_07_07.pdf

**Foilsiú iarratais ar ainm a chlárú de bhun Airteagal 50(2)(a) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí**

(2022/C 481/06)

Leis an bhfoilseachán seo, tugtar an ceart chun cur i gcoinne an iarratais de bhun Airteagal 51 de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]) laistigh de 3 mhí ó dháta an fhoilseacháin seo.

"DOICIMÉAD AONAIR"

**"Αφρίνα / Afrina"**

**Uimh. AE: PGI-GR-02822 – 6.12.2021**

**STFC ( ) TGFC (X)**

1. **Ainm nó ainmneacha [STFC nó TGFC]**

   "Αφρίνα / Afrina"

2. **Ballstát nó Tríú Tír**

   An Ghréig

3. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta nó ar an mbia-earra**

3.1. ***An cineál táirge***

Aicme 2.6. Salann

3.2. ***Tuairisc ar an táirge lena mbaineann an t-ainm in (1)***

Is *fleur de sel* é "Αφρίνα / Afrina" a tháirgtear go heisiach i riasc goirt "bán" Mesolongi. Salann sáile neamhphróiseáilte atá ann agus é saor ó bhreiseáin agus ní dhéantar aon chóireáil air tar éis na buainte.

Bíonn criostail clóiríde sóidiam bána míne in "Αφρίνα / Afrina" a chruthaítear ar dhromchla sáile na linnte criostalaithe faoi dhálaí aeráide fabhracha (gaoth, teocht agus solas na gréine). Ní bhíonn sé chomh goirt le salann, agus blas beagán searbh air mar gheall ar an gcion ard maignéisiam ann agus dá bhrí sin bíonn sé iontach le haghaidh mias amh nó rósta nó milseog fiú. Bíonn neart riandúl – miotail sa tsáile – ann, go háirithe maignéisiam (Mg).

Ní bhailítear "Αφρίνα / Afrina" ach de láimh agus tá na saintréithe orgánaileipteacha, fisiciúla agus ceimiceacha a leagtar amach i dTáblaí 1 agus 2 ann.

*Tábla 1*

**Saintréithe orgánaileipteacha agus fisiciúla**

| | |
|---|---|
| Cuma | Criostail bhána |
| Blas | Goirt |
| Boladh | Níl aon bholadh air |
| Gráinnmhéadracht | > 3 mm 0 %<br>1-3 mm 45-55 %<br>< 1 mm 45-55 % |

([1]) IO L 343, 14.12.2012, lch. 1.

*Tábla 2*

**Comhdhéanamh ceimiceach**

| Paraiméadar ceimicigh | Cion (%) |
|---|---|
| Taise | 1,0 - 5,0 |
| Dothuaslagtha in uisce | 0,020 - 0,120 |
| Cailciam (in ábhar tirim) | 0,010 - 0,300 |
| Maignéisiam (in ábhar tirim) | 0,060 - 0,300 |
| Sulfáití (in ábhar tirim) | 0,200 - 1,100 |
| NaCl (in ábhar tirim) | 97,0 - 99,5 |

3.3. ***Beatha (maidir le táirgí de thionscnamh ainmhíoch amháin) agus amhábhair (maidir le táirgí próiseáilte amháin)***

—

3.4. ***Céimeanna sonracha sa táirgeadh nach mór dóibh tarlú sa limistéar geografach sainithe***

Is iad seo na hoibríochtaí nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach:

— eastóscadh ón bhfarraige;

— cúrsaíocht an uisce eastósctha i locháin ghalúcháin;

— soláthar chuig na linnte criostalaithe;

— buaint;

— draenáil nádúrtha "Αφρίνα / Afrina".

3.5. ***Sainrialacha maidir le slisniú, grátáil, agus pacáistiú etc. an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe***

—

3.6. ***Sainrialacha maidir le lipéadú an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe***

—

4. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Tá an limistéar geografach ina dtáirgtear "Αφρίνα / Afrina", de réir critéir stairiúla, gheografacha agus antraipeolaíocha, lonnaithe laistigh de bhardas Iera Polis Mesolongiou, in Aonad Réigiúnach Aitoloakarnania laistigh de Réigiún na Gréige Iartharaí, mar a shainítear i dteorainneacha geografacha an réisc ghoirt "bháin":

— Taobh thuaidh de riasca Foinikia

— Taobh thoir thoir thuaidh de sheanbhóthar náisiúnta Mesolongi-Aitolikos

— Taobh thiar de mhurlach Mesolongi

— Taobh theas thoir theas d'aonad bhardas Iera Polis Mesolongiou.

5. **Nasc leis an limistéar geografach**

Táirgtear "Αφρίνα / Afrina" i murlach Mesolongi agus tá cáil iontach agus clú nach beag faighte aige sa Ghréig agus ar an gcoigríoch araon. Dá bhrí sin, is í cáil an táirge agus a shaintréithe de bharr a thionscnaimh gheografaigh atá mar bhunús lena nasc leis an limistéar geografach.

Tá an cháil sin bunaithe ar a uigeacht agus ar a bhlas go príomha, nithe ar toradh iad ar mhiocraeráid shonrach loig salainn agus mhurlach Mesolongi agus an saothrú traidisiúnta de láimh, fachtóirí a d'fhan gan athrú a bheag nó a mhór i gcaitheamh na mblianta.

Comhshaol táirgthe iontach is ea iad loig salainn Mesolongi, atá cosanta faoi Choinbhinsiún Ramsar agus Natura 2000. Feabhsaítear cáil an táirge le cineál uathúil éiceachóras loig salainn Mesolongi agus le clú mhurlach Mesolongi – "loch an-álainn Homer". Tugann an tOllamh Christos Siasos (*Agrinioculture*, 2014) tuairisc ar Mesolongi mar "talamh na taisce báine".

Tá dromchlaí gníomhacha na log salainn (locháin ghalúcháin agus linnte criostalaithe) créúil toisc go bhfuil cré uiscedhíonach. Comhdhlúthaíonn an sáile sna locháin ghalúcháin agus criostalaíonn an salann sna linnte criostalaithe. Tá dromchla réidh ar fud faid agus leithid na linnte criostalaithe. Ciallaíonn sé sin gur féidir le tonnta beaga fiú "Αφρίνα / Afrina" a iompar chuig imeall na linnte ina mbailítear é.

Maidir le táirgeadh "Αφρίνα / Afrina" is gá galú/comhdhlúthú leanúnach de mhéid sáile leordhóthanach chomh fada leis an bpointe ag a dtosaíonn an cion salainn ag criostalú. Tarlaíonn comhdhlúthú go nádúrtha, a bhuí le fuinneamh gréine agus an ghnáth-mhiocraeráid i.e. luas na gaoithe, teocht agus bogthaise choibhneasta. Teastaíonn gaotha láidre i dteannta sholas na gréine ó uiscí sáile le haghaidh comhdhlúthaithe, le linn thréimhse an tsamhraidh go háirithe, agus ní mór nach mbeidh báisteach throm le linn an tséasúir fáis chun an salann a chriostalú.

Cruthaítear brat tanaí criostal ar dhromchla na linnte criostalaithe, atá mór. Iompraíonn gaotha aniar brat dromchla na gcriostal sin chuig taobh thoir na linnte, áit óna mbailítear "Αφρίνα / Afrina" ar deireadh.

Tá an toisc dhaonna tábhachtach freisin, mar chuidigh an oibríocht buainte thraidisiúnta, a d'fhág gan athrú a bheag nó a mhór i gcaitheamh na mblianta, le cáil an táirge a chruthú agus a choimeád freisin. Bailíonn oibrithe oilte "Αφρίνα / Afrina" de láimh, ag úsáid uirlisí adhmaid, ag áirithiú aonfhoirmeacht an táirge chríochnaithe a bhuí lena n-oiliúint agus a dtaithí. Teastaíonn taithí agus scil chun an táirge a shainaithint agus a dheighilt. Seachadtar an teicníc thraidisiúnta sin ar aghaidh ó ghlúin amháin na n-oibrithe salainn go dtí an chéad ghlúin eile.

Tugann buaint na gcriostal salainn dromchla de láimh ardíonacht don táirge le heaspa sloda iomlán (toisc nach mbíonn aon teagmháil ag na criostail le bun na linne criostalaithe) agus dath bán nádúrtha. Ní bhíonn aon riachtanas, dá bhrí sin, an táirge a ní, agus ciallaíonn sé sin go mbíonn cion salann neamhorgánach níos airde, salainn mhaignéisiam intuaslagtha go háirithe. Sáraíonn cion maignéisiam "Αφρίνα / Afrina" an cion maignéisiam i salainn chomónta eile agus i salainn tráchtála phróiseáilte dá bhrí sin, agus tugann sé sin blas speisialta dó (beagán searbh, níl sé chomh goirt) agus fágann sé go mbíonn sé iontach le haghaidh mias amh nó rósta, nó milseog fiú.

Is é "Αφρίνα / Afrina" an t-ainm a thugtar go traidisiúnta ar an *fleur de sel* a tháirgtear i réigiún Mesolongi. Léiríonn an focal "Αφρίνα / Afrina" é féin, a thagann ón bhfocal atá ar "cúr" (*afrós*), an bealach lena ndéantar an táirge. Ina leabhar *Mesolongi* (1925), scríobh K. A. Stasinopoulos: "Táirgtear an salann sómasach galaithe go nádúrtha, Afrina, sa mhurlach freisin. Cruthaítear cúr trí thonnta séimhe ag briseadh ar chladaí an mhurlaigh. Comhdhlúthaíonn teas na gréine an cúr agus cruthaítear Afrina".

Deimhnítear cáil an táirge i neart tagairtí stairiúla agus bibleagrafaíochta.

Téann na chéad tagairtí stairiúla do "Αφρίνα / Afrina" siar go dtí tús an chéid roimhe seo. Ina leabhar *To alas* (Salann) (1906) scríobh K. A. Stasinopoulos gurb é "Afrina as Mesolongi an salann is fearr atá galaithe go nádúrtha agus an salann is fearr de chuid salainn na Gréige go ginearálta". Aithníodh "Αφρίνα / Afrina" mar a bheith de cháilíocht agus de bhlas níos fearr agus bhí an-tóir air mar bhronntanas sómasach' (*Mesolongi*, K. A. Stasinopoulos, 1925).

Mhol saineolaithe go hard na spéire é mar gheall ar a bhlas agus a uigeacht, mar shampla: Ina leabhar *To alas* (Salann) (1906), scríobh K. A. Stasinopoulos: "tá a chúr chomh bán le sneachta agus chomh fíneálta le héitear". Chomh maith leis sin, luann an tOllamh Christos Siasos (*Agrinioculture*, 2014) na saintréithe a leanas: "Táirgeann an leoithne cruthanna cosúil le calóga timpeall na linnte criostalaithe, sula n-eastósctar an salann ó na linnte. Is ionann na calóga sin agus an *fleur de sel* ar a dtugtar 'Afrina' sa réigiún seo. Bailítear Afrina de láimh. Meastar gurb é an salann is fearr agus go bhfuil an blas is fearr air. Tá uigeacht shainiúil aige, leánn sé sa bhéal agus tugann sé maidhm blasanna".

I leabhar Akakia Kordosi as Mesolongi, Speak the Mesolongi dialect (1979), ar leabhar é a bhfuil duaiseanna buaite aige agus ina bhfuil thart ar 2000 focal agus nath áitiúil, luaigh sí: "Afrina: cúr salainn".

Ina leabhar "*SALT - Salt in European history and culture*" (1997), scríobhann Theodora Petanidou, ollamh ag Ollscoil na Mara Aeigéiche, gurb é "Afrina an t-ainm traidisiúnta i réigiún Mesolongi a thugtar ar an méid beag criostal salainn a chruthaítear ar dhromchla sáile".

Coimeádann agus treisíonn tagairtí comhaimseartha i gcló agus ar líne, ar an raidió agus teilifís agus i gcláir chócaireachta speisialaithe cáil agus clú speisialta an táirge.

Úsáideann neart cócairí iomráiteacha "Αφρίνα / Afrina". Is sampla amháin é an mhias ar bhuaigh an cócaire óg Nikos Billis duais ina leith ag San Pellegrino, áit ina ndearna sé ionadaíocht do thíortha na Meánmhara (*Gastronomos*, 2016). Úsáideann Stelios Parliaros, George Calombaris, Sotiris Kontizas, Argyros Barbarigos agus cócairí eile nach iad "Αφρίνα / Afrina" ina gcuid mias freisin.

Is fiú a lua gur bunaíodh an chéad Mhúsaem Salainn de chuid na Gréige in 2019 sa limistéar Tourlida de Mesolongi, ag deimhniú cháil an réigiúin agus a dhlúthcheangal le salann.

Tá cáilíocht iontach "Αφρίνα / Afrina" á haithint go seasta le blianta beaga anuas. Ní de thaisme a fuair sé dhá dhuais ag comórtais bhia agus bhlais idirnáisiúnta – bonn airgid in 2016 ag an gComórtas Bia agus Dí Olymp Awards a reáchtáladh san Aithin agus gradam in 2020 ag na gradaim Great Taste i Londain. Tá sé suntasach freisin gur roghnaíodh "Αφρίνα / Afrina" mar bhronntanas comórtha do cheannairí ag an gCruinniú Mullaigh Deas-Eorpaigh san Aithin in 2016.

**Tagairt d'fhoilsiú na sonraíochta**

http://www.minagric.gr/images/stories/docs/agrotis/POP-PGE/2021/prodiagrafes_afrina280622.pdf

ISSN 1977-107X (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2458 (leagan páipéir)

Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh
L-2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA